

SIAMSÁN SA MBAILE!

Cruach mhilis na bPancóg

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Bia' téama na seachtaine seo agus seo oideas don deireadh seachtaine le pancóga agus torthaí blasta. Bíonn an-éileamh go deo air seo i ngach teach!!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Oideas: Lean na treoracha atá luaite thíos.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 26 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach

Comhábhair:

1. 200g plúr caiscín (donn)
2. ¼ cainéal meilte
3. 2 spúnóg bheag púdar bácála
4. ½ salann
5. 350/ 375 ml bainne
6. 1 ubh
7. 4 spúnóg bhoird d'im neamhshailte
8. 1 spúnóg bheag úsc fanaile

Líonadh agus Barr

- sprae neamhghreamaitheach
- 1 spúnóg bhoird uachtair nó cáis uachtair
- mil
- rogha torthaí don líonadh agus don bharr (fíonchaora, sú talún, anainn, banana, úll srl)

Modh

1. Cuir an plúr, salann, cainéal agus an púdar bácála i mabhla agus measc.
2. Téigh an bainne go mbeidh sé bogthe agus measc é leis an im, fanaile agus an ubh.
3. Déan poll i lár an phlúir agus doirt isteach an meascán bainne. Measc an taos le forc agus lig dó seasamh ar feadh 10 nóiméad. Má bhíonn an fuidreamh pancóige róthiubh cuir braon eile bainne ann len é a thanú, más gá.
4. Téigh friochtán agus spréigh go fial le sprae neamhghreamaitheach. Cuir 3 spúnóg bhoird don fuidreamh ar an bhfriochtán ach fág spás eatarthu. Agus teas measartha faoi, éireoidh an t-imeall tirim agus nuair a fheicfidh tú bolgáin orthu tiontaigh na pancóga. I gceann nóiméad nó dhó beidh siad réidh. Lean ar aghaidh go bhfuil an fuidreamh uilig úsáidte agus na pancóga réidh.

Cruach pancóg bhlasta: Cuir mil/uachtar/torthaí idir na pancóga agus déan cruach díobh. Bain sásamh astu!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta